

CINNEADH (AE) 2020/1582 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh I gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218 (9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir leis an gComhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (“an Comhaontú”), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle ⁽¹⁾. Meastar go dtiocfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm níos déanaí i mbliana.
- (2) Tá cruinniú na bPáirtithe freagrach as bearta a ghlacadh atá ceaptha cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú chun go mbainfeadh amach an cuspóir, is é sin cosc a chur ar iascaireacht neamhrialáilte i limistéar mórmhara i lár an Aigéin Artaigh trí chur i bhfeidhm bearta réamhchúraim caomhnaithe agus bainistíochta mar chuid de straitéis fhadtéarmach chun éiceachórais shláintiúla mhuirí a chosaint, agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na stoc éisc a áirithiú. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.
- (3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, foráiltear go bhfuil an tAontas lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus doibhshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfeadh na hinfaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis freisin go bhfuil an tAontas le cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistíú iascaigh, agus go mbeidh mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú acmhainní bitheolaíoch na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéal atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Ina theannta sin, foráiltear leis go bhfuil an tAontas le bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, le tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, le hábhar muirí a aiscurtha a dhíchur de réir a chéile agus le modhanna iascaireachta a chur chun cinn a chuideoidh le hiascaireacht níos roghnaí, le gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú a mhéid is féidir, agus le hiascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainní iascaigh. Thairis sin, foráiltear go sonrach le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhfuil an tAontas leis na cuspóirí agus na prionsabail sin le cur i bhfeidhm agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige.
- (4) Mar a dhearbhaítear i gconclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2019 maidir le hAigéin agus Farraigí, lena n-airítear an tArtach, sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach, dar teideal *An integrated European Union policy for the Arctic* [Beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach], agus i gconclúidí ón gComhairle an 24 Márta 2017 maidir le *International ocean governance: an agenda for the future of oceans* [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan], tacaíocht don Chomhaontú agus eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh a d’fhéadfaí a chruthú nó do shocrú i mórmhuir an Artaigh, is cuspóirí tábhachtacha iad don Aontas chun comhshaoil an Artaigh a chosaint agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú i limistéar an Artaigh agus sa limistéar máguaird, ar bhonn comhar idirnáisiúnta.

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2019/407 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe chun cosc a chur iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (IO L 73, 15.3.2019, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (5) Is iomchúí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú don tréimhse 2020-2024 a bhunú, ós rud é go mbeidh bearta caomhnaithe agus bainistíochta faoin gComhaontú ina gceangal ar an Aontas agus go mbeidh siad in ann tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ⁽³⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (6) I bhfianaise an eolais theoranta ar acmhainní iascaigh agus nádúr na n-acmhainní iascaigh i Limistéar an Chomhaontaithe, agus an gá atá ann dá bharr go n-áireofar ar sheasamh an Aontais forbairtí nua, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a thíolactar roimh chruinnithe na bPáirtithe nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain don tréimhse 2020-2024.
- (7) Tar éis an chinnidh seo, féadfar ag céim níos déanaí cinneadh eile ar leith ón gComhairle a bheith ann maidir le tús a chur le caibidlíocht chun eagraíochtaí nó socrúithe breise maidir le bainistiú iascaigh, idir réigiúnach nó fhoréigiúnach, a bhunú i mórmhuir an Artaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (“an Comhaontú”) i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuíomhanna maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ⁽⁶⁾.

Airteagal 2

Roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a mbeidh éifeacht dhlíthiúil acu ar an Aontas, glactar na céimeanna is gá ionas go gcuirfear san áireamh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais an fháisnéis eolaíoch is déanaí agus faisnéis ábhartha eile arna tarchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 1.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún doiciméad chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, doiciméad ina leagfar amach sonraí shonraíocht mholta sheasamh an Aontais le haghaidh plé agus formhuiniú sonraí mhionsonraí an seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais.

Más rud é, le linn chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú, go bhfuil sé dodhéanta teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear ar an toirt, tarchuirfear an cheist chuig an gComhairle nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin ionas gur féidir eilimintí nua a chur san áireamh i seasamh an Aontais.

Airteagal 3

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchúí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún i gcruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú in 2025 ar a dhéanaí.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun cosc a chur ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuariscithe agus neamhrialáilte (NNN), a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe an Aontais d'fhonn comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

⁽⁶⁾ Féach doic. ST 11439/20 ar <http://register.consilium.europa.eu>.

Airteagal 4

Tiofaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. SCHULZE
